Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 10 Aibreán 2018
(OR. fr)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2013/0103 (COD)**

**7631/1/18**
**REV 1**

**CODEC 462**
**WTO 49**
**ANTIDUMPING 5**
**COMER 29**

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2016/1036 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad agus Rialachán (AE) Uimh. 2016/1037 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí fóirdheontais ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh sheasamh na Comhairle ar an gcéad léamh agus glacadh an ráitis faoi chúiseanna na Comhairle |

1. Ar an 11 Aibreán 2013, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite[1] atá bunaithe ar Airteagal 207(2) CFAE ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh ar an 16 Aibreán 2014[2].

3. Ar an 30 Eanáir 2018, sheol Cathaoirleach an Choiste um Thrádáil Idirnáisiúnta, ar Coiste de chuid Pharlaimint na hEorpa é, litir chuig Cathaoirleach Coreper inar fógraíodh go mbeadh ar Pharlaimint na hEorpa, le linn a dara léimh, an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh a fhormheas gan aon leasú a dhéanamh air.

[1] 8495/13.
[2] 8728/14.

Ina dhiaidh sin, ar an 7 Feabhra 2018, d'fhormheas Coiste na mBuanionadaithe an téacs comhréitigh tar éis plé neamhfhoirmiúil a bheith ann idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa[1].

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

- an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, a leagtar amach in 5700/18, agus an ráiteas ar chúiseanna a leagtar amach in 5700/18 ADD 1, a ghlacadh mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus toscaireacht na Ríochta Aontaithe agus toscaireacht na Sualainne ag vótáil ina choinne agus toscaireacht na hÉireann ag staonadh ón vótáil;

- a chinneadh go ndéanfar na ráitis atá san aguisín a ghabhann leis an nóta seo a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin.

---

[1] 5810/18